# TOGHCHÁIN EORPACHA

## 6–9 MEITHEAMH 2024

## SRAITH UIRLISÍ OIDEACHAIS

#ÚSÁID DO VÓTA

TOGHCHAIN-EORPACHA.EU

© An tAontas Eorpach, 2024
Déantar atáirgeadh a údarú ach an fhoinse a admháil.
Creidiúintí grianghraif agus léaráidí: © Parlaimint na hEorpa

Cruthaithe ag an Aonad um Fhor-rochtain don Óige, AS COMM, Parlaimint na hEorpa
Teagmháil: youth@europarl.europa.eu

# CLÁR

CUSPÓIR NA SRAITHE UIRLISÍ SEO ........................................ 3

STRUCHTÚR........................................................ 3

TÁ AN IDIRGHNÍOMHAÍOCHT RÍTHÁBHACHTACH ........................ 3

MODÚL 1 CÉN FÁTHAR CHEART DUIT VÓTÁIL I DTOGHCHÁIN EORPACHA 2024? ........................................ 5

MODÚL 2 BRÉAGAISNÉIS ................................................ 9

MÓDÚL 3 CONAS A BHÍONN TIONCHAR AG AE AR MO SHAOL? ....... 13

MÓDÚL 4 CÉN RÓL ATÁ AG PARLAIMINT NAHEORPA? ..................17

MODÚL 5 A BHEITH I DO SHAORÁNACH EORPACH GNÍOMHACH..... 21

MODÚIL 6 GNÍOMHAÍONN DAOINE ÓGA ................................ 25

## CUSPÓIR NA SRAITHE UIRLISÍ SEO

Is é cuspóir na sraithe uirlisí oideachais seo ná **rochtain éasca ar acmhainní oideachasúla** a chur ar fáil a chuideoidh leat buntáistí an Aontais Eorpaigh, ról Pharlaimint na hEorpa agus **an tábhacht a bhaineann le vótáil sna toghcháin Eorpacha** a mhíniú do dhaoine óga**.**

## STRUCHTÚR

Tá an tsraith uirlisí roinnte ina **6 mhodúl**. Tá 4 chuid ag gach modúl: Réamhrá ar an ábhar, ceisteanna treorach i mbosca gorm ar féidir leat leas a bhaint astu chun comhrá a thosú le daoine óga, liosta d'acmhainní oideachasúla chun tacú leis an gcomhrá seo agus tráth na gceist beag. In aice le gach acmhainn luaitear an fad ama.

## TÁ AN IDIRGHNÍOMHAÍOCHT RÍTHÁBHACHTACH

Is féidir na hacmhainní sa tsraith uirlisí seo a thabhairt le chéile sa chaoi go mbeidh spás fágtha do dhaoine óga chun **labhairt amach, smaoineamh a roinnt, nó ceist a chur**.

Chun an plé a ullmhú, is fearr tosú leis na hábhair a bhfuil spéis ag daoine óga iontu. Is maith an rud é freisin smaoineamh ar an **toradh nithiúil** a d'fhéadfadh an duine óg a chur i bhfeidhm tar éis na gníomhaíochta, amhail clárú ar shuíomh gréasáin na dtoghchán chun meabhrúchán vótála a fháil, ballraíocht a ghlacadh i bpobal lecheile.eu, labhairt faoi na toghcháin lena dteaghlach agus lena gcairde, etc. *(féach freisin ar mhodúl 6 – Daoine óga ag gníomhú)*

Is fiú féachaint le bheith rannpháirteach chun daoine óga a mhealladh go héifeachtach, iad a chumhachtú agus tionchar fadtéarmach a chruthú.

- Is féidir leat **do phlé a shocrú i gciorcal**, ionas go mbeidh gach duine ar an leibhéal céanna, agus gur féidir leo go léir a chéile a fheiceáil. Léigh níos mó faoin gcleachtadh ciorcail *(leagan Béarla amháin)* sa seomra ranga nó féach ar líne le haghaidh samplaí a bhaineann úsáid as an gcleachtadh ciorcail.
- Is féidir leat úsáid a bhaint as modheolaíocht World Café chun ceardlanna a eagrú. Faigh tuilleadh eolais faoi World Café. (Leagan Béarla amháin)
- Glac torthaí na gceardlann trí úsáid a bhaint as teicnící taifeadta grafacha.
- Tá réimse leathan uirlisí oideachais neamhfhoirmiúla ar fáil ar shuíomh gréasáin SALTO-YOUTH, líonra Eorpach na Lárionad Acmhainní a theann i ngleic le/a bhíonn ag obair ar / a bhíonn ag plé le réimsí tosaíochta an Aontais laistigh de réimse na hóige.

**Íoslódáil an leagan digiteach den tsraith uirlisí seo chun rochtain a fháil ar na naisc úsáideacha uile atá san fhoilseachán seo.**



# MODÚL 1
# CÉN FÁTHAR CHEART DUIT VÓTÁIL I DTOGHCHÁIN EORPACHA 2024?

**Beidh na toghcháin Eorpacha ar siúl idir 6 agus 9 Meitheamh 2024**[1]. Tarlaíonn na toghcháin sin gach cúig bliana ó 1979 i leith. Is iad sin an cleachtadh daonlathach trasnáisiúnta is mó ar domhan, an t-aon sampla amháin de shaoránaigh as 27 dtír éagsúla a thoghann a n-ionadaithe le chéile do Pharlaimint choiteann amháin.

Bíonn tábhacht leis an vótáil i gcónaí, bíodh sin ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach. Deis den scoth a bhíonn ann do shaoránaigh a dtuairimí a chur in iúl maidir le hábhair ar spéis leo iad. Ní reifreann ar an Aontas Eorpach iad na toghcháin Eorpacha; feidhmíonn siad ar an gcaoi chéanna le toghcháin náisiúnta, mar chomórtas idir dearcthaí agus moltaí difriúla – agus dá mhéad daoine a chaitheann vóta, is ea is mó dearcthaí éagsúla a bheadh ag ionadaithe sa chéad tionól eile de Pharlaimint na hEorpa, chun a chinntiú go léiríonn díospóireachtaí na Parlaiminte na tuairimí atá ann go léir atá amuigh inár sochaithe Eorpacha.

## Cosúil leis na toghcháin náisiúnta, tá tábhacht le toghcháin Eorpacha ar dhá phríomhchúis:

- **Bíonn tionchar díreach agus iarbhír ag cinntí Pharlaimint na hEorpa ar shaol gach duine** (*féach ar Mhodúl 3 - Conas a bhíonn tionchar ag an Aontas ar mo shaol?*). Agus is le vóta a thosaíonn na cinntí sin go léir. D'fhéadfaí a rá go maireann na daoine nach mbíonn ag vótáil de réir cinntí duine eile - agus i ndaonlathas duine eile freisin.
- **Níor cheart talamh slán a dhéanamh den daonlathas riamh**. Éacht comhchoiteann a bhí ann chun é a thógáil – agus is freagracht chomhchoiteann é a choimeád go láidir ina bhfuil ról againn go léir. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an daonlathas curtha i gcrích riamh. Is féidir feabhas a chur air i gcónaí. Agus dá mhéad daoine a chaitheann vóta is ea is láidre a éireoidh ár ndaonlathas!

Braitheann **todhchaí an tionscadail Eorpaigh ar dhaoine óga**, ar a dtoilteanas glacadh le féiniúlacht Eorpach agus ar a rannphairtíocht ghníomhach i bpróiseas polaitiúil na hEorpa *(féach ar mhodúl 5 - a bheith i do shaoránach gníomhach Eorpach).*

Tá an vótáil mar chineál rannphairtíochta polaitiúla ríthábhachtach, agus is fiú plé a dhéanamh le daoine óga ar na **cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach vóta a chaitheamh**.

---

1. Gheobhaidh tú ar shuíomh gréasáin na dtoghchán Eorpach na rialacha go léir is gá a bheith ar eolas agat chun vóta a chaitheamh i do thír thionscnaimh nó i do thír chónaithe.

## D'fhéadfadh daoine óga a rá go bhfuil siad ag iarraidh vóta a chaitheamh ar na cúiseanna seo a leanas:

- **Tá siad ag iarraidh seasamh ar son an daonlathais**: Is leis na daoine a thosaíonn an daonlathas: Cuireann siad tús le cúrsaí trí vótáil sna toghcháin Eorpacha, agus bíonn tionchar ag na cinntí a rinneadh sna toghcháin sin ar a saol. Mura nglacann daoine páirt ann, ní éiríonn leo an todhchaí a mhúnlú; ach thairis sin, cailleann daonlathas Pharlaimint na hEorpa a neart, agus cailleann a luachanna a mbrí. Bíonn Parlaimint na hEorpa i gcónaí ag iarraidh cearta daonlathacha a fheabhsú agus urraim do luachanna AE a áirithiú, amhail an tsíocháin, an tsaoirse, an smacht reachta, cearta mionlach nó comhionannas inscne.
- **Bíonn tionchar díreach ag dlíthe an Aontais ar a saol laethúil:** Glacann Parlaimint na hEorpa dlíthe a théann i bhfeidhm go díreach ar 447 milliún duine in AE (cothromaíocht inscne, aeráid, an margadh aonair, etc. – *féach ar mhodúl 3 – Conas a bhíonn tionchar ag an Aontas ar mo shaol?*) Cinnfidh vóta na ndaoine óga cé na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a dhéanfaidh ionadaíocht orthu agus dlíthe nua á n-ullmhú agus beidh tionchar aige ar thoghadh an Choimisiúin Eorpaigh. Beidh tionchar ag na cinntí sin ar shaol laethúil daoine óga agus ar shaol go leor eile.
- **Is mian leo dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda** a bhaineann leo (an t-athrú aeráide, an tsláinte phoiblí, an geilleagar agus poist, an tslándáil agus an tsíocháin, etc.), ar dúshláin iad nach féidir le haon tír AE dul i ngleic leo go rathúil léi féin. Is mian leo a vóta a úsáid chun an treo ar cheart don Aontas a ghlacadh ar na dúshláin sin a bhunú.

## D'fhéadfadh daoine óga a rá nach mian leo vótáil ar na cúiseanna seo a leanas:

- **Níl a fhios acu cé dó a vótálfaidh siad.** Tabhair spreagadh dóibh chun é a fháil amach trí fhorógraí agus cláir na bpáirtithe polaitiúla ar an idirlíon, trí labhairt lena ngaolta, nó trí dhul chuig an suíomh gréasáin elections.europa.eu chun tuilleadh eolais a fháil faoi ghrúpaí polaitiúla Pharlaimint na hEorpa agus cad dó a sheasann siad.
- **Síleann siad go bhfuil an pholaitíocht gránna agus nach mian leo a bheith rannpháirteach.** Mínigh go bhfuil níos mó i gceist leis an bpolaitíocht ná feachtas toghcháin amháin agus troideanna i measc polaiteoirí. Is díospóireacht é freisin faoin athrú aeráide, faoin ngeilleagar inbhuanaithe, faoi fhoinsí fuinnimh, faoi thodhchaí na hoibre, faoi thuarastail íosta, agus faoi na beartais a dtacóidh buiséad an Aontais leo.
- **Bíonn sé trom dóibh páirt a ghlacadh sna toghcháin.** Cuir in iúl dóibh nach bhfuil i gceist le vótáil ach cúpla nóiméad dá saol, a mhaireann 80 bliain ar an meán!
- **Níl spéis acu sa pholaitíocht.** Fiafraigh díobh an bhfuil spéis acu i dtodhchaí a ngaolta, todhchaí a saoil féin agus todhchaí an phláinéid? Má tá, tá spéis acu sa pholaitíocht:
- **Ní chreideann siad go bhfuil tábhacht lena vóta.** Cuir dúshlán fúthu! Tá tábhacht ag baint le gach vóta i ngach toghchán – rialtas áitiúil, parlaiminteach, nó uachtaránacht. I dtoghcháin le déanaí amhail an reifreann maidir leis an mBreatimeacht, nó toghcháin uachtaránachta na Stát Aontaithe, ní raibh an difríocht idir na roghanna/na hiarrthóirí ach 2-4 phointe céatadáin. Níl le déanamh ach an cás a bhaineann leis an mBreatimeacht a chur san áireamh. Chaith i bhfad níos lú daoine óga vóta sa reifreann seo i gcomparáid leis na glúnta níos sine, agus bhí an bua ag an rogha chun an tAontas a fhágáil, toradh a chuir díomá ar na daoine óga, – mar sin is feidir le gach vóta difear a dhéanamh.

## CEISTEANNA TREORACHA

- Cathain a chaith tú vóta den chéad uair agus cén fáth? Cathain a bheidh do chéad deis eile vóta a chaitheamh? Conas a spreagfá do chairde chun vóta a chaitheamh?
- San am atá thart ní raibh gach duine in ann vóta a chaitheamh: San Eoraip, fuair na mná cearta vótála ag tosú in 1906 suas go dtí 1974, agus bhí an aois vótála 21, ní 18 mbliana d'aois, go dtí na 1970idí. Is comhghnás sóisialta atá ann maidir le cé atá in ann vótáil. Cé go raibh an aois vótála íslithe go 17 sa Ghréig do na toghcháin Eorpacha atá le teacht, d'ísligh 4 thír (An Bheilg, An Ghearmáin, Málta agus an Ostair) an aois go 16. An gceapann tú gur cheart é a ísliú i ngach Ballstát AE agus cén fáth?
- Nuair a eisiatar codanna den daonra ón vótáil nó i gcás nach féidir le daoine a dtuairimí a chur in iúl gan bhac, cén tionchar atá aige ar an sochaí, go háirithe ó thaobh tearmaí cearta agus ionadaíochta?
- Cad iad na dúshláin nach féidir le Ballstát a réiteach ina haonar?

## ACMHAINNÍ OIDEACHAIS:

- elections.europa.eu: Míníonn suíomh na dtoghchán Eorpach an chaoi a n-oibríonn na toghcháin, go háirithe le físeáin ghearra 1 nóiméad, agus tugtar gach píosa eolais tábhachtach maidir le conas vótáil ar fáil. Tugtar deis síniú suas chun teachtaireachtaí vótála a fháil. Beidh torthaí na dtoghchán ann freisin. *(10 nóiméad)*
- Is pobal daoine é lecheile.eu bhfuil suim acu sa daonlathas agus ar mian leo fíorbhrí a thabhairt dó agus na chéad toghcháin Eorpacha eile ag druidim linn. Nascann sé daoine ó gach cearn den Eoraip ionas gur féidir leo bualadh le chéile, eolas a roinnt agus scileanna nua a fhoghlaim, agus daoine eile a spreagadh ag an am céanna chun vóta a chaitheamh in 2024. Cláraigh le do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh ann *(5-45* nóiméad)
- Pacáiste oideolaíoch don "Ealaín sa Daonlathas": Déanann an pacáiste seo an Ealaín sa Daonlathas agus luachanna daonlathacha a phlé, trí shaothar ealaíne na n-ealaíontóirí comhaimseartha Eorpacha. Moltar modúl inoiriúnaithe maidir le foghlaim aeistéitiúil agus thaithí-bunaithe.*(15-60 nóiméad)*

**Faigh rochtain ar na hacmhainní uile**



# TRÁTH NA gCEIST

**1. Cén uair a bheidh na chéad toghcháin Eorpacha eile ar siúl?**

- **a.** 6–9 Meitheamh 2024(oiriúnaigh do do thír féin)
- **b.** An 9 Bealtaine toisc gur Lá na hEorpa atá ann.
- **c.** In 2025 amháin
- **d.** Níl an dáta socraithe go fóill.

**2. Tarlaíonn na toghcháin Eorpacha gach**

- **a.** 5 bliana
- **b.** 2 bhliain
- **c.** 7 mbliana
- **d.** 4 bliana

**3. I ndaonlathas**

- **a.** is féidir le daoine a dtuairimí a chur in iúl gan bhac
- **b.** Ní duine amháin a dhéanann na cinntí
- **c.** Is féidir le daoine cur in aghaidh aon chinneadh nach n-aontaíonn siad le.
- **d.** Gach ceann díobh thuas

(Freagra: 1a, 2a, 3d)




# MODÚL 2
# BRÉAGAISNÉIS

Faigheann roinnt daoine óga a gcuid nuacht ó na meáin shóisialta, ardáin ar líne agus trí theachtaireachtaí díreacha. Leis an gcinéal nua seo de bhailiú faisnéise, osclaítear na doirse d'iarrachtaí bréagaisnéise. Bhí ráflaí bréagacha, leathfhírinní agus bréaga d'aon ghnó a ceapadh chun daoine a mheabhlú ar an bhfód/ann riamh. Mar sin féin, tá an feiniméan níos measa mar gheall ar an úsáid fhorleathan a bhaintear as na meáin shóisialta. **Is iad siúd a chruthaíonn agus a scaipeann bréagaisnéis, iad a dhéanann é sin chun dallamullóg a chur ar dhaoine tionchar a imirt orthu chun aidhmeanna polaitiúla nó eacnamaíocha a bhaint amach.** Brúnn siad a n-ábhar ionramháilte tríd an méid seo a leanas:

- **botaí**: cuntais uathoibrithe a idirghníomhaíonn ar an idirlíon agus a chuireann i gcéill gur fíordhuine iad go minic
- **troill**: daoine a oibríonn chun scéalta áirithe a bhrú nó chun bulaíocht a dhéanamh, chun cur isteach ar an díospóireacht ar líne nó chun mearbhall a chruthú timpeall uirthi.
- gnáthshaoránaigh, a bhíonn cráite le hábhar a mhealladh nó a chomhroinnt, mar shampla toisc go labhraíonn sé lena bhfearg nó lena n-eagla; léirítear i staidéir go bhfuil **claonadh ag ábhar ionramháilte den sórt sin taisteal i bhfad níos tapúla ná ábhar fíorasach iontaofa**.



Ag an am céanna, tá na teicnící chun aird daoine a ghabháil, mearbhall a chur orthu, nó cleas a chur orthu tar éis éirí níos sofaisticiúla. Cruthaítear físeain, grianghraif agus , taifeadadh fuaime chúbláilte le húsáid na hintleachta saorga, mar shampla cruthaítear **domhainbhrionnuithe** mar a thugtar orthu, chun go gceapfaidh faighteoirí go bhfuil rudaí déanta nó ráite ag daoine nach dhearna siad.

Uaireanta, bíonn aisteoirí bréagaisnéise ag iarraidh na deighiltí seo a mhéadú agus an díospóireacht a pholarú. Baineann siad leas as an eagla atá ar dhaoine chun grúpaí éagsúla a chur in aghaidh a chéile agus an díospóireacht dhaonlathach a dhéanamh dodhéanta. Tríd an bonn a bhaint ó na hinstitiúidí meán agus a chéile, **tarraingíonn an bhréagaisnéis míchlú ar dhaonlathas agus díchobhsaíonn sí é freisin**. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach gníomhú ina choinne chun an daonlathas a chosaint.

Tá an tAontas dáiríre faoin dúshlán a bhaineann leis an mbréagaisnéis. Tá dlíthe nua, cosúil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, glactha ag an bParlaimint chun an réimse ar líne a rialú agus scaipeadh na bréagaisnéise a theorannú.

## Is féidir le gach duine cur leis an troid in aghaidh an bréagaisnéis trí:

- Iad féin a chur ar an eolas faoin ábhar;
- A bheith ar an eolas faoi na huirlisí agus na teicnící a úsáidtear chun dallamullóg a chur ar dhaoine
- Sos a ghlacadh agus smaoineamh faoi dhó sula ndéantar ábhar a fhaightear ar líne a chlúdú nó a chomhroinnt;
- An t-eolas seo a roinnt le cairde agus le teaghlaigh

## CEISTEANNA TREORACH

- Cad is bréagaisnéis ann? Cén fáth gur fadhb í? – duitse mar shaoránach, don tsochaí agus don daonlathas?
- Cad iad na bealaí ar féidir leis an mbréagaisnéis difear a dhéanamh do thoghcháin?
- Cad atá á dhéanamh ag an Aontas agus ag ár dtír chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis? Cé atá rannpháirteach — an rialtas, an tsochaí shibhialta, na meáin, seiceálaithe fíricí? Faigh amach cé atá gníomhach inár dtír.
- Conas is féidir leat bréagaisnéis a aithint? Cad iad na comharthaí ar cheart duit breathnú amach dóibh?
- Cad is féidir leat a dhéanamh chun srian a chur le scaipeadh na bréagaisnéise?
- Cad ba cheart duit a dhéanamh má fheiceann tú bréagaisnéis?

## ACMHAINNÍ OIDEACHAIS:

- Compás bréagaisnéise "Conas an bhréagnuacht a aithint" – treoir 8 gcéim ó Pharlaimint na hEorpa faoi conas an bhréagaisnéis a aithint. *(10 nóiméad)*
- Sa tsraith uirlisí oideachais 'Daonlathas AE faoi Lán Seoil', tá cleachtadh ar Litearthacht sna meáin a mhúineann do dhaoine óga conas ábhar a d'fhéadfadh a bheith cúbláilte a aithint agus ligeann sé dóibh plé a dhéanamh ar conas é a sheachaint. (*55 nóim.)*
- Sa tsraith uirlisí 'Aithin an bhréagaisnéis agus troid ina haghaidh', ón gCoimisiún Eorpach tá cur i láthair PowerPoint ineagarthóireachta (lena n-áirítear samplaí den fhíorshaol agus cleachtaí grúpa) agus leabhrán treorach do mhúinteoirí. *(45 – 100 nóiméad)*
- "Treoirlínte do mhúinteoirí agus d'oideoirí conas dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn trí oideachas agus oiliúint". Áirítear leis na treoirlínte seo ón gCoimisiún Eorpach leideanna praiticiúla, pleananna gníomhaíochta, léargas ar ábhair agus nótaí rabhaidh bunaithe ar an méid a oibríonn maidir le litearthacht dhigiteach agus oideachas agus oiliúint. *(suas le 45 nóiméad in aghaidh na gníomhaíochta)*
- Ar Moil na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha' – lonnaithe sna tíortha AE uile, eagraítear freisin gníomhaíochtaí faoin litearthacht sna meáin ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal ilnáisiúnta;
- Reáchtálann Seirbhís Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais Eorpaigh an suíomh EUvsDisinfo chun bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Creimile a nochtadh. Cuimsítear leis ardán foghlama le huirlisí, cluichí, podchraoltaí agus acmhainní úsáideacha eile chun athléimneacht in aghaidh na bréagaisnéise a chruthú nó a neartú. (le fáil in 13 theanga amháin, lena n-áirítear na teangacha AE a leanas: ES, DE, EN, FR, IT, PL agus RO)



# TRÁTH NA gCEIST

1. **Ábhar bréagach nó míthreorach atá sa bhréagaisnéis:**

   **a.** a scaiptear d'fhonn dallamullóg a chur ar dhaoine
   **b.** a scaiptear chun buntáiste eacnamaíoch nó polaitiúil a bhaint amach
   **c.** a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don phobal
   **d.** Gach ceann díobh thuas

2. **Cé mhéad saoránach AE a shíleann gur nochtadh bréagaisnéis dóibh uaireanta, ar a laghad, le seacht lá anuas?[2]**

   **a.** 61%
   **b.** 71%
   **c.** 81%
   **d.** 45%

3. **Cad is féidir leat a dhéanamh i gcoinne na bréagaisnéise?**

   **a.** Gan tú féin a chur ar an eolas a thuilleadh
   **b.** Cliceáil na cnaipí 'Is maith liom' nó 'roinn' a thapúla is féidir nuair a aimsíonn tú faisnéis ar líne ionas nach gcuirtear tionchar ort go mícheart
   **c.** Bí ar an eolas faoi na huirlisí agus na teicnící a úsáidtear chun dallamullóg a chur ort
   **d.** Ceann ar bith de na roghanna thuas

2. Suirbhé Meán agus Nuachta Eorabharaiméadair 2022 (Aibreán-Bealtaine 2022) – déantar na freagraí 'uaireanta', 'go minic' agus 'go han-mhinic' a chur le chéile)

(Freagra: 1d, 2a, 3c)

# MÓDÚL 3 CONAS A BHÍONN TIONCHAR AG AE AR MO SHAOL?

Uaireanta is deacair a fheiceáil líon na ndaoine a mbíonn tionchar ag toradh na dtoghchán Eorpach orthu. Ach cuireadh in iúl, le blianta beaga anuas, an chaoi a mbíonn éifeacht dhíreach ag cinntí Pharlaimint na hEorpa ar chách: tíortha móra agus pobail bheaga, cuideachtaí cumhachtacha agus gnólachtaí nuathionscanta óga, an leibhéal domhanda agus an leibhéal áitiúil. **Téann dlíthe an Aontais i ngleic le formhór na dtosaíochtaí atá ag daoine**: an comhshaol, an tsláındáil, an imirce, beartais shóisialta, cearta tomhaltóirí, an geilleagar, an smacht reachta agus go leor eile. **Sa lá atá inniu ann, tá gné Eorpach ag baint le gach ábhar tábhachtach náisiúnta freisin.**

Tá cumhachtaí agus freagrachtaí tugtha ag tíortha AE de réir a chéile don Aontas Eorpach chun cinntí a dhéanamh i mórán réimsí ina mbíonn éifeacht cumhachta idirbheartaíochta níos mó acu nuair a oibríonn siad le chéile. Dá réir sin, **cinntear thart ar 70% den reachtaíocht náisiúnta go léir ar leibhéal AE**, agus tá Parlaimint na hEorpa ina comhreachtóir a chosnaíonn leasanna shaoránaigh na hEorpa.



Liostaítear thíos réimsí éagsúla a bhfuil baint ag dlí AE leo agus réimsí a ndearna an Pharlaimint difríocht dóibh sa téarma reachtach deireanach

- Saoirse gluaiseachta – deiseanna chun taisteal, staidéar agus obair thar lear
  - Buiséad níos mó don chlár Erasmus+
  - Tionscnamh taistil DiscoverEU
  - Fánaíocht saor in aisce thar lear

- Geilleagar agus poist
  - Caighdeáin choiteanna do phá íosta cuibhiúil sna tíortha AE uile roimh 2024
  - Cearta agus deiseanna comhionanna do mhná (pá agus poist bhainistíochta)

- Beartas aeráide, athchóiriú an dúlra, aer glan (gach rud nach „stopann" ag teorainneacha náisiúnta)
  - Cuspóirí soiléire chun aeráidneodracht a bhaint amach roimh 2050
  - Luchtaire uilíoch le port USB-Type C d'fhóin, ríomhairí glúine, agus gléasanna beaga leictreonacha eile

- Luachanna daonlathacha, amhail saoirse smaointeoireachta nó cainte
  - Tacar rialacha agus prionsabal do na meáin shóisialta nó d'intleacht shaorga

## CEISTEANNA TREORACHA

- Cad iad na réimsí i do shaol ina mbíonn ról gníomhach ag an Aontas? An bhfuil aon samplaí nithiúla agat, a bhfuil nasc pearsanta acu leat, den éifeacht a bhíonn ag AE ar do shaol?
- Murarbh ann don Aontas, cén rud ba mhó a d'aireofá uait? Cad atá de dhíth fós agus cad ba cheart do na chéad Feisirí de Pharlaimint na hEorpa eile aghaidh a thabhairt air?
- Cosnaíonn AE, ar an meán, níos lú ná €1 in aghaidh na lae agus in aghaidh an duine. Cad is féidir leat a dhéanamh le haon euro amháin? Cad a d'fhéadfadh do chairde uile a dhéanamh le chéile dá ndeonódh sibh uile €1? Cad ba cheart don Aontas Eorpach a bhuiséad a chaitheamh air?

## ACMHAINNÍ OIDEACHAIS:

- Tá físeáin dhá nóiméad le feiceáil ar chainéal YouTube Pharlaimint na hEorpa faoi ghníomhaíocht AE ar ábhair amhail an t-athrú aeráide, cearta an duine, sláinte, nó an geilleagar. *(suas le 5 nóiméad)*
- Amlíne PE: Garspriocanna i dtroid AE do chearta na mban (*fís dhá nóiméad*) agus ina dhiaidh sin liosta de na gníomhaíochtaí a rinne PE go dtí 2021 chun an comhionannas inscne a fheabhsú. *(15 nóiméad)*
- Áirítear leis an uirlis oideachais 'Europe@school – Ceachtanna gníomhacha faoin Aontas Eorpach' cluiche faoi "AE inár saol laethúil," le roinnt samplaí nithiúla de reachtaíocht AE. *(20 nóiméad)*
- Cuireann an suíomh Na nithe a dhéanann an Eoraip domsa samplaí nithiúla in iúl, i bhformáidí aonleathanaigh, faoin méid atá déanta ag an Eoraip, arna scagadh de réir réigiún, réimsí den saol agus réimsí beartais roghnaithe. *(15–60 nóiméad)*

**Faigh rochtain ar na hacmhainní uile**



# TRÁTH NA gCEIST

1. **Tá sé beartaithe ag AE aeráidneodracht a bhaint amach roimh:**

   **a.** 2030
   **b.** 2050
   **c.** 2040
   **d.** Ceann ar bith de na roghanna thuas

2. **Nuair a thaistealaím laistigh de AE, is féidir liom**

   **a.** m'fhón a úsáid gan muirir breise a íoc
   **b.** cúram leighis a fháil faoi na coinníollacha céanna le cónaitheoirí
   **c.** má táim 18 bliana d'aois, pas saorthaistil agus lascainí áitiúla a fháil
   **d.** Gach ceann díobh thuas

3. **Tá dhá cheann de na ceithre ráiteas faoin gclár Erasmus+ ceart**

   **a.** Cabhraíonn sé le daoine óga staidéar ina dtíortha féin.
   **b.** Díríonn sé ar scoláirí ollscoile amháin agus ní áirítear bealaí foghlama eile leis.
   **c.** Cuireann sé deiseanna ar fáil comhpháirtíochtaí a dhéanamh i measc scoileanna, ollscoileanna agus eagraíochtaí ó thíortha AE eile.
   **d.** Áirítear leis réimsí amhail cúram sóisialta, an comhshaol, an cultúr, an óige, spórt agus comhar um fhorbairt

(Freagra: 1b, 2d, 3c–d)

# MÓDÚL 4
# CÉN RÓL ATÁ AG PARLAIMINT NAHEORPA?



*Cluiche Fíorúil Rólghníomhaíochta*

Is í Parlaimint na hEorpa an t-aon chomhlacht AE a thoghtar go díreach. Gach 5 bliana, roghnaíonn **450 milliún vótálaí Eorpach** na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) chun ionadaíocht a dhéanamh orthu. Oibríonn na Feisirí ar a son, ag díospóireacht, ag múnlú, agus ag rith dlíthe ar shaincheisteanna atá lárnach do shaol laethúil na ndaoine. Déanann an Pharlaimint:

- saoirse, comhionannas agus smacht reachta a chosaint ar fud AE
- an daonlathas, toghcháin chóra agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain
- uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a thoghadh agus a chinntiú go bhfuil institiúidí AE ag déanamh a bpoist go cuí
- an chaoi a gcaitear airgead AE a rialú trí chinneadh a dhéanamh le chéile leis na Ballstáit ar bhuiséad AE
- faireachán ar an gcaoi a n-úsáidtear buiséad AE tríd an gCoimisiún Eorpach agus na hinstitiúidí AE uile a rialú maidir lena gcaiteachas.

Is í Parlaimint na hEorpa nasc na saoránach leis na cinntí is tábhachtachaí. Múnlaíonn sí an méid atá san Aontas Eorpach agus an méid a bheidh ann sa thodhchaí. Ba cheart go n-úsáidfeadh daoine óga a vóta chun an fhís is tábhachtaí dóibh a roghnú.

Tá cumhachtaí á bhfáil ag Parlaimint na hEorpa de réir a chéile trí leasuithe comhleanúnacha ar na conarthaí Eorpacha. In 2024, beidh an deis ag glúin nua daoine óga cinneadh a dhéanamh faoi cé a bheidh ag déanamh ionadaíocht ar a son i bParlaimint na hEorpa, deis nach raibh ag a seantuismitheoirí, toisc nár tugadh toghcháin dhíreacha chuig an bParlaimint isteach go dtí 1979. **In 2024, toghfaidh saoránaigh 720 Feisire, agus beidh ionadaíocht á déanamh ar gach tír AE ag 6 Fheisire ar an íosmhéid agus 96 ar an uasmhéid.** Téann na Feisirí ó thíortha agus ó pháirtithe polaitiúla éagsúla le roinnt grúpaí polaitiúla atá aontaithe ag na haidhmeanna agus na físeanna coiteanna atá acu don Eoraip.

Roinntear obair Pharlaimint na hEorpa gach mí idir an Bhruiséil agus Strasbourg. Pléitear tograí dlí ón gCoimisiún Eorpach ar dtús ag ceann de na **20 coiste parlaiminteach sa Bhruiséil**. Déanann na coistí sin, atá déanta suas de líon beag Feisirí agus ina ndírítear ar ábhair agus ar bheartais éagsúla, agus ina ndéantar tograí a scrúdú, a leasú, agus vótaí a chaitheamh orthu. Déantar na tograí, mar a leasaítear iad, a phlé, agus a leasú arís, agus ansin caitheann na Feisirí uile vótaí orthu sna **seisiúin iomlánacha in Strasbourg.**

Ina gcuid oibre, caithfidh na Feisirí urraim a thabhairt ar Chód Iompair, lena leagtar síos treoirphrionsabail faoi conas a gcuid oibre a sheoladh le neamh-fhéinchúis, macántacht, oscailteacht, dúthracht, ionracas, cuntasacht agus meas ar dhínit agus ar chlú Pharlaimint na hEorpa. Neartaíodh an Cód Iompair in 2023.




*Blaiseadh de shaol an Fheisre*

## CEISTEANNA

- Is saoránaigh AE iad Feisirí Pharlaimint na hEorpa, díreach cosúil leatsa, a théann i mbun comhpháirtíochtaí chun AE na todhchaí a mhúnlú. Cé mhéad Feisire atá ag ár dtír? Cad iad na tréithe pearsanta ar cheart go mbeadh ag na Feisirí sin agus iad ag déanamh ionadaíocht ort?
- Bíonn Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ina mball de ghrúpaí polaitiúla éagsúla. Cad iad na grúpaí sin agus conas is féidir idirdhealú a dhéanamh eatarthu (go háirithe maidir le smaointe)?
- Conas a oibríonn Feisirí de Pharlaimint na hEorpa? Conas a fhaigheann siad eolach faoi gach ábhar a iarrtar orthu díospóireacht agus vótáil a dhéanamh air?

## ACMHAINNÍ OIDEACHAIS:

- Sa tsraith físeán beochana "An chaoi a n-oibríonn sé" tugtar mínithe faoi AE, lena n-áirítear freagraí ar cheisteanna amhail "Cé na cumhachtaí atá ag AE?", "Cad a dhéanann Uachtarán Pharlaimint na hEorpa?" nó "Cad é an díospóireacht ar Staid an Aontais Eorpaigh?" (suas le nóiméad amháin ar fad)
- Is eispéireas réaltachta fíorúla é Bí i d'Fheisire a ligfidh do dhaoine óga blaiseadh a fháil de ról an Fheisire, ón obair oifige go dtí vótaí a chaitheamh sna seisiúin iomlánacha. (*10 nóiméad*)
- Is turas fíorúil é Cuir eolas ar an bParlaimint i 360° d'fhoirgnimh na Parlaiminte sa Bhruiséil agus in Strasbourg a ligfidh do dhaoine óga bualadh le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn siad. (*20 nóiméad*)
- San fhís ríomhfhoghlama de chuid lecheile.eu "Cad í Parlaimint na hEorpa agus conas a oibríonn sí" mínítear bunghnéithe PE agus an chaoi a n-oibríonn an próiseas cinnteoireachta. (*35 nóiméad*)
- Taispeánann amlíne Pharlaimint na hEorpa an chaoi ar tháinig an Pharlaimint chun cinn de réir a chéile mar phríomhghníomhaí i bpróiseas cinnteoireachta AE, agus leagtar béim inti ar an reachtaíocht agus ar na dúshláin is tábhachtaí. (*15-30 nóiméad*)
- Sa chluiche rólimeartha fíorúil, a dearadh do ghrúpa 12 go 40 imreoir, ligtear do dhaoine óga tamall a chaitheamh i mbróga Feisire agus an próiseas reachtach iomlán a fheiceáil, agus go háirithe an chaoi a gcomhoibríonn Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus an chaoi a dtagann siad ar chomhréitigh. (*90 nóiméad*)
- San uirlis oideachais "Europe@school - Ceachtanna gníomhacha faoin Aontas Eorpach", tá cluiche rólimeartha traidisiúnta a athróidh do sheomra ranga ina Pharlaimint féin. (*60-120 nóiméad*)
- Tá uirlisí éagsúla chun comparáid a dhéanamh idir torthaí na dtoghchán Eorpach ó 1979 le fáil ar shuíomh Pharlaimint na hEorpa; is féidir na sonraí a íoslódáil agus imirt leo fiú chun tromlach a bhaint amach sa Pharlaimint nuair a bheidh torthaí na gcéad toghchán eile amach.
- In Áras Stair na hEorpa, rinneadh raon leathan acmhainní oideachais a fhorbairt chun eolas a scaipeadh, dearcthaí a cheistiú agus machnamh a spreagadh maidir leis an ról tábhachtach atá ag an stair i saol an lae inniu.



*Tugann Clár Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa (EPAS)*

# TRÁTH NA gCEIST

1. **Tá suíomhanna oifigiúla na n-institiúidí Eorpacha lonnaithe sna ceithre chathair thíos, ach cá bhfuil ceanncheathrú Pharlaimint na hEorpa lonnaithe?**

   **a.** sa Bhruiséil, an Bheilg
   **b.** in Strasbourg, An Fhrainc
   **c.** i Lucsamburg, Lucsamburg
   **d.** in Frankfurt, an Ghearmáin

2. **Cé mhéad Feisire a thoghfar in 2024?**

   **a.** 705
   **b.** 751
   **c.** 720
   **d.** Ceann ar bith de na roghanna thuas

3. **Cé na róil atá ag Parlaimint na hEorpa?**

   **a.** toghann sí Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh
   **b.** múnlaíonn sí agus ritheann sí dlíthe
   **c.** cinneann sí buiséad AE:
   **d.** Gach ceann díobh thuas

(Freagra: 1b, 2c, 3d)



*EYE*

# MODÚL 5
# A BHEITH I DO SHAORÁNACH EORPACH GNÍOMHACH

## Toghcháin Eorpacha 2024

Trí vótáil sna chéad toghcháin Eorpacha eile idir 6 agus 9 Meitheamh, is féidir le daoine óga an chéad chéim a ghlacadh i dtreo bheith ina saoránach gníomhach Eorpach. Chun an méid sin éascú, is féidir leo iad féin a chur ar an eolas tríd an méid seo a leanas:

- cuairt a thabhairt ar suíomh gréasáin toghchán ag https://elections.europa.eu. Tugann sé eolas faoi cathain agus conas is féidir vóta a chaitheamh i ngach tír, agus ceadaíonn sé clárúchán don ghné 'meabhraigh dom mo vóta a úsáid'
- lecheile.eu a úsáid agus rochtain a fháil ar
    - eolas faoi na toghcháin Eorpacha agus faoi conas is féidir leo an scéal a scaipeadh,
    - liosta de ghníomhaíochtaí agus imeachtaí inar féidir leo páirt a ghlacadh ann, chomh maith le
    - hacmhainní foghlama agus traenáil faoi conas is féidir eolas a scaipeadh faoi na toghcháin i measc a dteaghlach, a gcairde agus a bpiaraí.

## Deiseanna rannpháirtíochta do dhaoine óga san AE

Ní stopann rannpháirtíocht dhaonlathach leis na toghcháin. Téann sé in éineacht leis an bpróiséas cinnteoireachta i rith mhandáidí na n-ionadaithe tofa. Baineann sé leis **an tuiscint ar cad atá i gceist** ionas gur féidir cinntí eolasacha maithe a dhéanamh. Baineann sé le do thuarim a chur in iúl níos faide i gcéin ná an vótáil. Baineann sé leis an **scéal a scaipeadh** agus le cabhrú le **feasacht a mhúscailt faoi na saincheisteanna** a bhaineann leis na saoránaigh agus lena dtodhchaí.

Tá modhanna difriúla ann inar féidir le daoine óga a dtuairimí a roinnt chun cruth a chur ar an bplé faoi thodhchaí na hEorpa.

1. Cothaíonn an Cruinniú Eorpach um an Óige (EYE) nasc idir Parlaimint na hEorpa i Strasbourg agus **na mílte daoine óga ar líne (idir 16 – 30 mbliana d'aois) chun a smaointe faoi thodhchaí na hEorpa a roinnt agus a mhúnlú**, trí chaidreamh a dhéanamh eatarthu féin, spreagadh a thabhairt dá chéile agus a dtuairimí a mhalartú le saineolaithe, gníomhaithe, tionchairí agus lucht déanta cinntí. Bailítear smaointe ar an suíomh youthideas.eu agus le linn an imeachta agus tiomsaítear iad i dTuarascáil Smaointe na hÓige a dháiltear ar Fheisirí uile Pharlaimint na hEorpa. Tá roinnt

rannpháirtithe in ann na smaointe is spreagúla a fhorbairt tuilleadh agus iad a chur i láthair na bhFeisirí go díreach le linn Éisteacht EYE.

2. Tugann an clár Euroscola in Strasbourg scoláirí atá 14 bliana d'aois ar a laghad le chéile ó gach ceann de 27 dtíortha AE, ó thíortha iarrthacha agus ón Ríocht Aontaithe chun **díospóireacht a dhéanamh, seasaimh a ghlacadh, dul i mbun caibidlíochta, tabhairt faoi leasuithe, vótáil a dhéanamh agus, ar deireadh, rúin a ghlacadh ar fhíor-shaincheisteanna Eorpacha.** Tugtar deis do na scoláirí iad féin a chur ar an eolas faoi fheidhmiú na n-institiúidí Eorpacha, chun an daonlathas, cearta bunúsacha, luachanna Eorpacha a phlé agus adtuairimí pearsantaa chur in iúl maidir leis na cinntí a dhéantar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

3. Taobh amuigh den EYE agus den Chlár Euroscola, tá tairiscint Pharlaimint na hEorpa don óige lán de dheiseanna eile a bheith gníomhach. Is féidir leat foghlaim níos mó faoi sin ar an Mol Óige. Tá an Mol Óige ceaptha chun freastal ar riachtanais daoine óga go heisiach, agus tá scagairí ann lenar féidir le húsáideoirí cuardach níos oiriúnaithe a dhéanamh agus an t-eispéireas atá uathu a aimsiú: ó fhoghlaim agus cur amach a fháil ar rudaí nua, go líonrú agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí.

4. Is é an Coimisiún Eorpach an t-aon institiúid amháin atá in ann dlíthe nua a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus do rialtais an Aontais, agus is minic a lorgaíonn sé, ar an suíomh gréasáin Cloisimis uait, **tuairimí na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara nuair a bhíonn beartais agus reachtaíocht á bhforbairt aige.**

5. Is féidir le saoránaigh iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach dlíthe nua a mholadh leis an Tionscnamh ó na Saoránaigh. A thúisce a éiríonn le tionscnamh **1 mhilliún síniú** a fháil, tabharfar deis do shaoránaigh é a thíolacadh ag éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa. Cinnfidh an Coimisiún ansin cad ba cheart a dhéanamh.

6. A luaithe is a chuirtear reachtaíocht Eorpach i bhfeidhm, **is féidir leis na saoránaigh achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa** chun iarratas d'uasdátú leanúnaí a fháil ar an gcaoi ina bhfuil reachtaíocht na hEorpa curtha i bhfeidhm agus an méid ina bhfuil na hinstitiúidí Eorpaigh ag freagairt dá saincheisteanna a thomhas. Is féidir é seo a dhéanamh ar Thairseach Ghréasáin na n-achainíocha de Pharlaimint na hEorpa nó i bhfoirm páipéir.

7. Is féidir le daoine óga páirt a ghlacadh in Idirphlé Óige an Aontais agus is uirlis é don idirphlé idir daoine óga agus lucht déanta cinntí a eagraítear faoi chreat **Straitéis an Aontais i leith na hÓige.** Go dtí 2027, díreoidh sé ar thrí phríomhréimse, **"ceangal, rannpháirteachas agus cumhachtú"**. Déan teagmháil leis na pointí teagmhála náisiúnta chun páirt a ghlacadh. D'fhéadfadh a smaoineamh a bheith páirteach i gceann de na chéad rúin eile de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (atá ag déanamh ionadaíocht ar rialtais an Aontais)

## CEISTEANNA TREORACHA

- Tá smaoineamh agat faoi bheartas nó beart nua ar leibhéal AE. Conas is féidir leat é sin a chur i láthair do AE?
- Ceapann tú nach bhfuil an reachtaíocht Eorpach sásúil ná curtha i bhfeidhm i gceart. Cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh má bhíonn aon cheisteanna agat?
- Tá bealaí á lorg agat chun teagmháil a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa agus tacaíocht a thabhairt don dhaonlathas ar bhonn leanúnach. Cad atá á thairiscint ag Parlaimint na hEorpa do dhaoine óga?

## ACMHAINNÍ OIDEACHAIS:

- Sa tsraith físeán beochana 'An chaoi a n-oibríonn sé', tugtar mínithe faoin Aontas Eorpach, le freagraí ar cheisteanna cosúil le "Conas is féidir leat do thuairimí a chur in iúl?" agus "Conas a mhúnlaíonn tú institiúidí an Aontais Eorpaigh *(tá na físeáin suas le nóiméad amháin ar fad)*
- Is tairseach ar líne amháin é an Mol Óige do thairiscint Pharlaimint na hEorpa ar fad.
- Sa tsraith uirlisí oideachais "Daonlathas AE i mbun gníomhaíochta"spreagtar mic léinn chun páirt ghníomhach a ghlacadh i leith saincheisteanna Eorpacha le ceithre cheacht idirghníomhacha ar an daonlathas san Aontas Eorpach agus an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.
- Cuireann Tairseach Eorpach na hÓige eolas ar fáil ar leibhéal na hEorpa agus ar leibhéal tíre faoi dheiseanna agus faoi thionscnaimh ar díol spéise iad do dhaoine óga atá ina gcónaí, ag foghlaim agus ag obair san Eoraip.

**Faigh rochtain ar na hacmhainní uile**



*Euroscola*

# TRÁTH NA gCEIST

1. **Is ardán é lecheile.eu inar féidir le daoine:**

   **a.** sealanna oiliúna agus post a lorg
   **b.** eachtraí agus seisiún oiliúna a aimsiú chun gur féidir seasamh don daonlathas Eorpach
   **c.** cistiú do thionscadail atá faoi stiúir ag daoine óga a lorg
   **d.** bualadh le daoine agus teagmháil a dhéanamh le linn na pandéime

2. **Tugann an ceart chun achainí a dhéanamh seans do shaoránaigh agus do chónaitheoirí AE:**

   **a.** gearán nó tuairim a thíolacadh ar chur i bhfeidhm dhlí AE
   **b.** iarratas a chur chuig Parlaimint na hEorpa seasamh a ghlacadh maidir le hábhar ar leith
   **c.** páirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireacht ar a n-achainí ag an gcoiste pharlaiminteach ábhartha
   **d.** Gach ceann díobh thuas

3. **3. Is féidir le saoránaigh óga Eorpacha:**

   **a.** a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach dlíthe nua a mholadh
   **b.** a dtuairimí a nochtadh faoin reachtaíocht Eorpach atá beartaithe
   **c.** a smaointe a roinnt ar thodhchaí na hEorpa le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa
   **d.** Gach ceann díobh thuas

(Freagra: 1b, 2d, 3d)



*Duais Eorpach Charlemagne don Óige*

# MODÚIL 6 GNÍOMHAÍONN DAOINE ÓGA

Is é aidhm an mhodúil dheireanaigh ná **smaointe a chur ar fáil do dhaoine óga faoi ghníomhaíochtaí ar féidir leo a dhéanamh chun** an chéad chéim i dtreo bheith ina saoránach gníomhach agus na hathruithe atá á lorg uathu a chruthú.

Tá na smaointe curtha i láthair thíos agus roinntear iad i5chuid, ag brath ar an méid ama a theastaíonn ó dhaoine óga chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh: 5, 15, 30, 60 nóiméad nó níos mó.



*Local EYEs*

## Laistigh de 5 nóiméad

- **is féidir Parlaimint na hEorpa a leanúint ar a meáin shóisialta is fearr leo.** Tá Parlaimint na hEorpa gníomhach ar Facebook, Flickr, Instagram, LinkedIn, Reddit, Spotify, X agus YouTube;
- **is féidir postálacha Pharlaimint na hEorpa a atvuíteáil, a chomhroinnt ar a scéal féin nó 'is maith liom' a chliceáil.** Trí phostálacha a chomhroinnt lena ngréasáin, beidh daoine óga in ann cabhrú lena gcairde féachaint ar an méid atá ar bun ag an bParlaimint agus cuideoidh sé leo cinneadh eolasach a dhéanamh sna toghcháin Eorpacha 2024.
- **scéal/postáil a scríobh faoi thoghcháin Eorpacha 2024 le glaoch chun vóta a chaitheamh.** I gceist leis sin, d'fhéadfaí a fhógairt go mbeidh na toghcháin ar siúl an bhliain seo (6 –9 Meitheamh 2024) nó d'fheadfaí díriú ar réimse spéise ar leith inar cheart don Aontas Eorpach (leanúint ar aghaidh)gníomhú sna cúig bliana atá romhainn.
- Cláraigh ar shuíomh gréasáin do na Toghcháin Eorpacha chun meabhrúcháin vótála a fháil agus chun a chinntiú nach ndéanfaidh daoine óga dearmad ar a vóta a úsáid;

- **clárú ar** lechéile.eu agus cuireadh a thabhairt do thriúr a bhfuil aithne acu orthu an rud céanna dhéanamh;
- **Bratach na Eorpa a chrochadh amach** in áit infheicthe!
- iarradh ar an scoil **póstaeir na dtoghchán a chrochadh** ar na clár fógraí.



*lecheile.eu*

## Laistigh de 15 nóiméad

- **Dianchúrsa** a eagrú do na mic léinn eile ó rang eile. Is é cuspóir an dianchúrsa seo ná feasacht a mhúscailt i measc na mac léinn eile maidir leis na toghcháin Eorpacha agus 2–3 chúis a thabhairt dóibh vóta a chaitheamh agus/nó a gcairde agus a dteaghlach a spreagadh chun vóta a chaitheamh. Cé gur cheart an dianchúrsa a eagrú le hoideoir an ranga don lá sin roimh ré, is é eilimint an iontais an rud a dhéanfaidh na cuir i láthair níos cumhachtaí!
- **Tabhairt faoi thráthanna na gceist** Pharlaimint na hEorpa ar líne
  - Sa tsraith uirlis oideachais, tá 'Europe@school – Ceachtanna gníomhacha faoin Aontas Eorpach'agus tá tráth na gceist ar líne le 12 cheist ann (2020)
  - Cé mhéad atá ar eolas agat faoi mhargadh aonair AE? (2022)
  - Cé mhéad atá ar eolas agat faoi chearta an duine san Aontas Eorpach? 2020
- **Tráth na gceist a chruthú** ar an ardán líne is fearr leo le ceisteanna faoin Aontas Eorpach agus é a sheoladh chuig a gcairde agus a dteaghlaigh leis an haischlib **#EUelections2024** chun an t-eolas atá acu ar an Aontas Eorpach a thástáil. Go hidéalach, ba cheart go gcríochnóidh an tráth na gceist le glaoch chun vóta a chaitheamh.



## Laistigh de 30 nóiméad

- **S**úil a chaitheamh tríd roinn nuachta de shuíomh greasáin Pharlaimint na hEorpa **uair sa tseachtain chun a fháil amach cad air ar oibrigh Parlaimint na hEorpa an tseachtain sin.** Is féidir ábhar amháin a roghnú agus a eolas faoi a dhoimhniú. Mínigh é do chara nó duine muinteartha.
- **Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na bhFeisirí** i do cheantar agus faigh amach faoin méid ar oibrigh siad air le seachtain anuas. Má tá aon cheisteanna acu ar a gníomhaíocht, is féidir ríomhphost a sheoladh chucu.



## Laistigh d'uair amháin nó níos mó

- I gcásanna ina bhfuil aithne ag daoine óga ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, tionchairí ar líne nó eagraíochtaí príobháideacha a bheadh in ann cabhrú le feachtas um toghcháin Eorpacha 2024, d'fhéadfaidís:
    - Déan teagmháil leo agus féach an mbeadh suim acu páirt a ghlacadh i gcosaint dhaonlathas na hEorpa;
    - Tabhair cuireadh dóibh clárú ar lecheile.eu;
    - Déan teagmháil le Parlaimint na hEorpa ag youth@europarl.europa.eu.
- Má tá siad sa Bhrúiséil, is féidir leo **cuairt a thabhairt** ar **Mhol Faisnéise Pharlaimint na hEorpa.** Chuir an áis nua seo réimse d'achmhainní agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha ar fáil chun aird na gcuairteoirí a tharraingt: Ó ábhair taighde a bhfuil rochtain oscailte orthu go seisiún eolais saincheaptha, cainteanna tráthúla, imeachtaí agus 'Conair Taithí

an Éispéiris Toghcháin' nua, a chabhraíonn le saoránaigh cinntí eolasacha a dhéanamh bunaithe ar na nithe a dhéanann an Eoraip dóibh.

- **iarratas a chur isteach ar** Chaint don Óige, ionas go mbeidh seans ag an scoil deis a fháil foghlaim faoi chumhacht, ról agus gníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa le cur i láthair ar líne atá 60 nóiméad ar fad agus seisiún ceisteanna agus freagraí a bheith curtha in oiriúint do leasanna do ghrúpa



*Taabhair cuairt ar Pharlaimint na hEorpa*

## In aon lá amháin nó níos mó

**Tabhair cuairt ar Pharlaimint na hEorpa. Tá a lán tairiscintí do chuairteoirí ar fáil atá saor in aisce, agus cúpla dóibh ar oscailt 7 lá na seachtaine.**

Sa Bhruiséil agus in Strasbourg:

- **Tabhair cuairt ar fhoirgnimh Pharlaimint na hEorpa.** Is féidir leo cuairteanna do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a chur in áireamh ar an suíomh gréasáin VisitEP. Téann an chuairt ar an Seomra Tionóil – croílár dhaonlathas na hEorpa – i bhfeidhm go mór ar chuairteoirí! trí chur i láthair uair an chloig agus seisiún ceisteanna agus freagraí a chur in áirithe le cainteoir gairmiúil ar gach ceann de na 24 theanga oifigiúla, is féidir le daoine óga deis iontach a thapú chun dul níos gaire do phróiseas cinnteoireachta na hEorpa.
- **cuairt a thabhairt ar an bParlamentarium**, músaem idirghníomhach agus nua-aimseartha do gach uile aois atá tiomnaithe do dhaonlathas na hEorpa. Thug breis is 2 mhilliún saoránach cuairt air cheana féin!

Sa Bhrúiséil agus ar líne

- **cuairt a thabhairt ar** Áras Stair na hEorpa atá lonnaithe sa Bhrúiséil, a thógann cuairteoirí ar thuras trí stair na hEorpa. Cén fáth go bhfuilimid anseo? Cad a chiallaíonn gach rud? Is féidir le cuairteoirí ón gcoigríoch taithí a fháil ar an músaem ar líne trí thuras fíorúil saor in aisce.

Ar fud an Aontais Eorpaigh

- Mura féidir leo teacht go dtí an Bhruiséil nó Strasbourg, d'fhéadfaidís cuairt a thabhairt ar an 'Europa Experience' sa phríomhchathair AE is cóngaraí dóibh. **Spás ilmheán is ea Europa Experience** ina bhfuil uirlisí idirghníomhacha a thugann léargas díreach agus spéisiúil duit ar an gcaoi a n-oibríonn Parlaimint na hEorpa chun dul i ngleic leis na dúshláin is tábhachtaí sa lá atá inniu ann.
- Tá na h**Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa** (EPLOnna)i do thír ag obair i ndlúthchomhar le pobal na n-oideoirí. Tá siadsan i gceannas ar **Chlár Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa** (EPAS) chomh maith, a cruthaíodh do mheánscoileanna.



Is é aidhm na sraithe uirlisí oideachais seo ná rochtain éasca d’achmhainní a chur ar fáil a chuideoidh leat míniú a thabhairt ar tairbhí an Aontais Eorpaigh, ar ról Parlaimint na hEorpa agus ar an tábhacht a bhaineann le vótáil do dhaoine óga.

D’fhéadfaí na hacmhainní a úsáid le chéile go héasca ionas go mbeidh spás ann do dhaoine óga labhairt amach, smaoineamh a tharraingt aníos, nó ceist a chur maidir leis na toghcháin Eorpacha.

**Cláraigh anois chun meabhrúcháin vótála a fháil agus chun a chinntiú nach ndéanfaidh tú dearmad do vóta a úsáid.**

Parlaimint na hEorpa